



An Bhruiséil, 13 Samhain 2017
(OR. en)

14114/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0407 (COD)

SIRIS 187
MIGR 212
SCHENGEN 78
COMIX 746
CODEC 1767

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13452/17
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15812/16
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh - Sainordú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach

Ag an gcuinniú a bhí aige ar an 8 Samhain 2017, chomhaontaigh Coreper sainordú a thabhairt don Uachtaránacht tús a chur leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach ar bhonn an téacs chomhréitigh athbhreithnithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Beidh ráiteas ón mBeilg i gceangal leis na miontuairiscí ó Coreper an 8 Samhain 2017.

Tá forchoimeadais ghinearálta maidir leis an ionstraim seo ar feitheamh ó AT, BE agus PT.

Léirítear na hathruithe ar an togra bunaidh ón gCoimisiún mar seo a leanas: cuirtear téacs nua nó leasuithe in iúl **i gcló trom agus líne faoi**. Léirítear téacs a scriostar le [...].

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 79(2)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Cuid ríthábhachtach de na hiarrachtaí cuimsitheacha chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta agus chun an ráta ag a bhfuil imircigh neamhrialta á bhfilleadh a mhéadú is ea náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí sna Ballstáit a fhilleadh agus lánurraim á tabhairt do na cearta bunúsacha agus go háirithe do phrionsabal an non-refoulement i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (2) Tá sé riachtanach éifeachtacht an chórais Eorpaigh a mhéadú chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh. Tá sé seo riachtanach chun iontaoibh an phobail a chothú i mbeartas imirce agus tearmainn an Aontais agus chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.
- (3) Ba cheart do na Ballstáit na bearta go léir is gá a dhéanamh chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh ar bhealach éifeachtach comhréireach, i gcomhréir le forálacha Threoir 2008/115/CE.

- (4) Ba cheart córas a bhunú [...] chun faisnéis a roinnt idir na Ballstáit faoi chinntí um fhilleadh arna n-eisiúint i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát [...] agus chun faireachán a dhéanamh ar cé acu a fhágann náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir na gcinntí sin an chríoch nó nach bhfágann.

(4a) Ní dhéantar difear leis an Rialachán seo do chearta ná d'oibleagáidí na náisiúnach tríú tír a leagtar síos i dTreoir 2008/115/CE. Ní hionann an foláireamh in SIS chun críche fillte, ann féin, agus cinneadh ar stadás náisiúnach tríú tír ar chríoch Ballstát, go háirithe i mBallstáit seachas an Ballstát a d'eisigh an foláireamh.

- (5) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann]¹ agus Rialachán (AE) 2018/xxx [comhar póilíneachta agus breithiúnach]² na coinníollacha maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid.
- (6) Ba cheart na foláirimh SIS maidir le fillleadh agus malartú faisnéise forlíontaí faoi na foláirimh sin a bheith ina gcuidiú do na húdaráis inniúla na bearta is gá a dhéanamh chun cinntí um fhilleadh [...] a fhorghníomhú. Ba cheart SIS a bheith ina chuidiú chun náisiúnaigh tríú tír is ábhar do chinneadh um fhilleadh den sórt sin a d'éalaigh agus a gabhadh i mBallstát eile a shainaithint, agus chun faisnéis a roinnt idir na Ballstáit maidir leis na náisiúnaigh tríú tír sin. Ba cheart go gcuideodh na bearta sin chun inimirce **neamhdhlíthiúl** agus **gluaiseachtaí tanáisteacha** [...] a chosc agus a dhíspreagadh agus chun an comhar idir údaráis na mBallstát a fheabhsú.

¹ Rialachán (AE) 2018/...maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a úsáid agus a oibriú chun críocha seiceálacha teorann (IO L ...).

² Rialachán (AE) 2018/...maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a úsáid agus a oibriú chun críocha comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla (IO L ...).

- (7) Ba cheart do na Ballstáit foláirimh a iontráil in SIS maidir leis na cinntí um fhilleadh [...] a eisióinn siad do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, i gcomhréir le forálacha i ndáil le Treoir 2008/115/CE, chun éifeachtacht an fhille a áirithiú agus chun breisluach foláireamh maidir le fillleadh a mhéadú. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit foláireamh a iontráil in SIS freisin nuair a eisítear cinntí lena bhforchuirtear nó lena luaitear oibleagáid um fhilleadh sna cásanna a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 2(2) den Treoir sin, go háirithe i gcás náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir diúltú cead isteach i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen nó náisiúnaigh tríú tír arna ngabháil nó arna stopadh ag údaráis inniúla i dtaca le trasnú neamhrialta teorann seachtraí Ballstáit, ar tír, ar muir nó san aer, agus nach bhfuil údarú nó ceart fanachta sa Bhallstát sin faighte acu ina dhiaidh sin, agus i gcás náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir a bhfillte mar smachtbhanna dlí choiriúil nó mar thoradh ar smachtbhanna dlí choiriúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó atá faoi réir nósanna imeachta eiseachadta. **I gcúinsí áirithe, nach bhfuil mórán baoil ann nach gcomhlíontar an cinneadh um fhilleadh, eadhon, le linn aon tréimhse coinneála nó nuair a eisítear an cinneadh um fhilleadh ag an teorainn sheachtrach agus go bhforghníomhaítear é láithreach, féadfaidh na Ballstáit staonadh ó fholáirimh maidir le náisiúnaigh tríú tír a iontráil.**
- (8) Ba cheart na rialacha coitianta chun foláirimh a bhaineann le fillleadh a iontráil in SIS a leagan amach sa Rialachán seo chomh luath agus a eisítear na cinntí bunúsacha um fhilleadh[...]. Ba cheart go gcuirfí in iúl leis an bhfoláireamh cé acu ar tugadh tréimhse um fhilleadh deonach don náisiúnach tríú tír lena mbaineann nó nár tugadh [...].

- (9) Ní mór na catagóirí sonraí i dtaca le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh ar féidir a iontráil in SIS a shonrú [...]. Ba cheart nach mbeadh i bhfoláirimh maidir le filleadh ach na sonraí sin is gá chun an duine is ábhar do na sonraí a shainaithint chun gur féidir leis na húdaráis inniúla cinntí eolasacha a dhéanamh gan am a chailleadh agus chun a áirithiú, nuair is gá, go gcosnaítear iad ar dhaoine atá armáilte, foréigneach, a d'éalaigh nó atá bainteach le gníomhaíocht dá dtagraítear i [...] **dTreoir 2017/451** maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac³. Ina theannta sin, ba cheart go n-áireofaí san fholáireamh freisin tagairt don doiciméad aitheantais phearsanta agus cóip den doiciméad sin, más féidir, chun sainaithint a éascú agus chun iliomad céannachtaí a bhrath. **Ba cheart sonraí dachtalascópacha a iontráil sa chóras i gcónaí nuair a bhíonn siad ar fáil.**
- (10) Ba cheart do gach Ballstát údarás a ainmniú a bheidh freagrach as faisnéis fhorlíontach a mhalartú maidir le foláirimh maidir le filleadh chun comhar éifeachtach tapa a áirithiú i measc na mBallstát. **Is trí SIRENE, agus leas á bhaint as Biúró SIRENE mar phointe teagmhála, is ceart faisnéis fhorlíontach, a chuireann na húdaráis náisiúnta inniúla ar fáil, a mhalartú i gcónaí.**
- (11) Ba cheart nósanna imeachta a bhunú chun a chur ar cumas na mBallstát a fhíorú go bhfuil an oibleagáid um fhilleadh comhlíonta agus chun imeacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann chuig an mBallstát a d'eisigh an foláireamh maidir le filleadh a dheimhniú. Ba cheart go gcuideodh an fhaisnéis sin chun obair leantach chuimsitheach a dhéanamh ar chomhlíonadh cinntí um fhilleadh [...].

³ Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 164 22.6.2002 lch.3).

- (12) Ba cheart foláirimh maidir le filleadh a scriosadh **gan mhoill tar éis an phróisis ina** [...] **gcuirtear** in iúl don Bhallstát nó don údarás inniúil a d'eisigh an cinneadh um fhilleadh [...] ar an eolas gur tharla an filleadh. I gcás ina ndéantar cinneadh um fhilleadh i gcomhar le toirmeasc ar theacht isteach ba cheart an toirmeasc sin a iontráil in SIS i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán 2018/xxx [seiceálacha teorann]. Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfuil aon bhearna ama ann idir an tráth a n-imíonn an náisiúnach tríú tír ó limistéar Schengen, **nó más rud é go bhfuil faisnéis leordhóthanach inchreidte ag an údarás inniúil gur fhág an náisiúnach tríú tír críoch an Aontais agus Stáit Chomhlacaithe Schengen,** agus an tráth a ngníomhachtaítear an foláireamh maidir leis an toirmeasc ar theacht isteach in SIS. **Má léirítear le sonraí SIS go ngabhfaidh toirmeasc ar theacht isteach leis an cinneadh um fhilleadh, ba cheart infhorghníomhacht an toirmisc sin ar theacht isteach a áirithiú.**
- (13) Ba cheart go mbeadh sásra in SIS chun fógra a thabhairt do na Ballstáit faoi neamhchomhlíonadh náisiúnach tríú tír leis an oibleagáid um fhilleadh laistigh de thréimhse ar leith atá leagtha síos le haghaidh imeacht deonach. Ba cheart go dtacódh an sásra leis na Ballstáit a gcuid oibleagáidí i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Threoir 2008/115/CE a chomhlíonadh maidir le náisiúnaigh tríú tír nár chomhlíon an oibleagáid um fhilleadh.
- (14) Ba cheart go gcuirfí ar bun leis an Rialachán seo rialacha éigeantacha maidir leis na húdaráis náisiúnta dul i gcomhairle le chéile chun treoracha a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar a chéile a réiteach. Ba cheart comhairliúcháin a dhéanamh i gcás ina bhfuil náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe bailí nó [...] **yósa bhailí fadfhanachta** acu, nó a bhfuil Ballstát chun ceann acu sin a thabhairt dóibh, faoi réir foláireamh maidir le filleadh arna eisiúint ag Ballstát eile más rud é go ndiúltófar teacht isteach agus fanacht i gcás an chinnidh sin um fhilleadh, nó i gcásanna ina bhféadfaidh cásanna contrártha teacht chun cinn ar dhul isteach ar chríocha na mBallstát.
- (15) Níor cheart foláirimh a choinneáil in SIS ach amháin don am atá ag teastáil chun na críocha dár iontráladh iad a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann] is é cúig bliana an tréimhse athbhreithniúcháin le haghaidh foláirimh maidir le náisiúnaigh tríú tír.

- (16) Féadfaidh sonraí arna bpróiseáil in SIS nó arna n-aistriú trí mhalartú faisnéise forlíontaí faisnéis a sholáthar don Bhallstát forghníomhúcháin a bheidh úsáideach chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint go tapa agus chun athdhoiciméadú a dhéanamh, maidir lena bhfilleadh go tríú tír. I gcásanna ar leith, ba cheart gurbh fhéidir sonraí agus faisnéis den sórt sin a roinnt le tríú tír chun na críche sin. Aon sonraí pearsanta a roinntear, ba cheart sin a dhéanamh faoi réir coinníollacha soiléire, ba cheart é a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2016/679 agus ba cheart é a dhéanamh le comhaontú an Bhallstáit a d'eisigh an foláireamh.
- (17) D'fhéadfadh sé nach iad na húdaráis náisiúnta chéanna atá freagrach as filleadh i mBallstáit éagsúla, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh siad éagsúil laistigh den Bhallstát féin, ag brath ar na cúiseanna leis an bhfanacht neamhdhleathach. Féadfaidh údaráis bhreithiúnacha cinntí um fhilleadh a eisiúint freisin [...], mar shampla, mar thoradh ar achomhairc i gcoinne diúltú údarú nó ceart fanachta a thabhairt, nó mar smachtbhanna coiriúil. Ba cheart go mbeadh na húdaráis náisiúnta go léir atá i gceannas ar chinntí um fhilleadh a eisiúint agus a fhorghníomhú i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE i dteideal rochtain ar SIS chun foláirimh maidir le filleadh a iontráil, a nuashonrú, a scríosadh agus a chuardach.
- (18) Ba cheart rochtain ar fholáirimh maidir le filleadh a thabhairt do na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear in [...] Airteagal 29(1) agus in Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann] chun críche náisiúnaigh tríú tír a shainaithint agus a fhilleadh.
- (19) Déantar foráil le Rialachán (AE) 2016/794 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Rialachán Europol) maidir le Europol tacú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát agus iad a neartú, agus maidir lena gcomhar i dtaca le sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach a chomhrac agus anailís agus measúnuithe ar bhagairtí a dhéanamh. Chun cuidiú le Europol a thascanna a dhéanamh, go háirithe laistigh den Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach, is iomchuí cead rochtana a thabhairt do Europol ar an gcatagóir foláirimh arna sainmhíniú sa Rialachán seo.

- (20) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/1624 maidir leis an mBallstát óstach údarú a thabhairt do bhaill foirne Eorpacha an Gharda Teorann agus Cósta nó foirne na mball foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh, arna n-imscaradh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, bunachair shonraí Eorpacha a cheadú, i gcás ina bhfuil an méid sin riachtanach chun aidhmeanna oibríochtúla arna sonrú sa phlean oibríochtúil maidir le seiceálacha teorann, faireachas teorann agus filleadh a bhaint amach. Is é an cuspóir atá le himscaradh foirne Eorpacha an Gharda Teorann agus Cósta, foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh agus foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, foráil a dhéanamh maidir le hatreisiú oibríochtúil agus teicniúil a sholáthar do na Ballstáit iarrthacha, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshlán dhíréireacha os a gcomhair i dtaca leis an imirce. Ní mór rochtain ar fholáirimh maidir le filleadh in SIS trí chomhéadan teicniúil na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta a nascann le SIS Láir, chun na tascanna arna sannadh d'fhoirne Eorpacha an Gharda Teorann agus Cósta, foirne a bhfuil baint acu le cúraimí a bhaineann le filleadh, agus d'fhoirne tacaíochta don bhainistiú imirce a thabhairt i gcrích.
- (21) Na forálacha maidir le freagrachtaí na mBallstát agus na Gníomhaireachta Eorpaí um bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, le hiontráil agus próiseáil foláireamh, coinníollacha rochtana agus coimeád foláireamh, próiseáil sonraí, cosaint sonraí, dliteanas agus faireachán agus staitisticí mar a áirítear i Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann], ba cheart feidhm a bheith leo freisin maidir le sonraí arna n-iontráil agus arna bpróiseáil in SIS i gcomhréir leis an Rialachán seo.
- (22) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo [...] ⁴ [...] le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir leis an Rialachán seo, cé acu an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é nó nach gcuirfidh.

⁴ [...]

- (23) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle⁵; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. [...] ⁶ [...]

⁵ IO L 131, 1.6.2000, lch. 43.

⁶ [...]

- (24) **Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle⁷; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. [...] ⁸ [...]**
- (25) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá [...] sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁹, ar fhorálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe C d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle¹⁰.

⁷ IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

⁸ [...]

⁹ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

¹⁰ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe I dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

- (26) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo [...] forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen¹¹ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe C d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle¹².
- (27) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa [...] Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt¹³, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe C d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle¹⁴.

¹¹ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

¹² Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

¹³ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

¹⁴ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an Aontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

(27a) Maidir leis an mBulgáir, leis an Rómáin agus leis an gCróit, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach, agus ba cheart é a léamh i gcomhar le Cinneadh 2010/365/AE ón gComhairle i ndáil leis na forálacha sin de *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin¹⁵ agus le Cinneadh 2017/733 ón gComhairle i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cróite¹⁶.

(27b) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(28) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim uaidh an [...],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le foláirimh i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag na Ballstáit [...] a iontráil agus a phróiseáil i gCóras Faisnéise Schengen (SIS), mar a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann], agus maidir le faisnéis fhorlíontach ar fholáirimh den sórt sin a mhalartú chomh maith.

¹⁵ IO L 166, 1.7.2010, lch. 17.

¹⁶ IO L 108, 26.4.2017, lch. 31

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'filleadh' filleadh mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3) de Threoir 2008/115/CE;
- (b) ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' náisiúnach tríú tír mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2008/115/CE;
- (c) [...]
- (d) ciallaíonn 'cinneadh um fhilleadh [...]' cinneadh nó gníomh riaracháin nó breithiúnach ina luaitear nó ina ndearbhaítear fanacht náisiúnaigh tríú tír a bheith neamhdhleathach agus lena bhforchuirtear nó lena luaitear oibleagáid um fhilleadh [...] **lena n-urramaítear** Treoir 2008/115/CE;¹⁷
- (da) ciallaíonn 'foláireamh' tacar sonraí, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sonraí bithmhéadracha a iontráiltear in SIS agus a ligeann do na húdaráis inniúla duine a shainaithint d'fhonn gníomhaíocht shonrach a dhéanamh;**
- (db) ciallaíonn 'faisnéis fhorlíontach' faisnéis nach cuid den fholáireamh atá stóráilte in SIS í ach ar faisnéis í atá bainteach le foláirimh SIS agus atá le malartú trí Bhiúróanna SIRENE;**
- (i) chun ligean do na Ballstáit dul i gcomhairle lena chéile, nó fógra a thabhairt dá chéile, nuair atá foláireamh á iontráil;**

¹⁷ I gcomhréir leis an sainmhíniú atá in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle, IO L 251, lch. 11.

- (ii) nuair a thagtar ar amas chun gur féidir an ghníomhaíocht iomchuí a dhéanamh;**
- (iii) nuair nach féidir an ghníomhaíocht a éilítear a dhéanamh;**
- (iv) nuair atáthar ag déileáil le cáilíocht sonraí SIS;**
- (v) nuair atáthar ag déileáil le comhoiriúnacht agus tosaíocht na bhfoláireamh;**
- (vi) nuair atáthar ag déileáil le cearta rochtana;**
- (dc) ciallaíonn 'aistriú' aistriú mar a shainmhínítear in Airteagal 3(5) de Threoir 2008/115/CE;**
- (e) ciallaíonn "imeacht deonach" imeacht deonach mar a shainmhínítear in Airteagal [...] **3(8)** de Threoir 2008/115/CE;
- (ea) ciallaíonn 'Ballstát eisiúna' an Ballstát a d'iontráil an foláireamh in SIS;**
- (eb) ciallaíonn 'Ballstát deonaithe' Ballstát a bhfuil sé á mheas aige cead cónaithe nó víosa fadfhanachta a dheonú nó a shíneadh nó a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta deonaithe nó sínte aige, agus atá rannpháirteach sa nós imeachta comhairliúcháin;**
- (ec) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ('ábhar sonraí');**
- (ed) ciallaíonn 'Ballstát forghníomhaitheach' an Ballstát a dhéanann, nó a rinne, na gníomhaíochtaí a éilítear nuair a thagtar ar amas;**
- (f) ciallaíonn "CS-SIS" feidhm tacaíochta teicniúla SIS Láir dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann];

(g) ciallaíonn 'cead cónaithe' cead cónaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(16) de Rialachán (AE) 2016/399;

(h) ciallaíonn 'víosa fadfhanachta' víosaí fadfhanachta mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 265/2010¹⁸.

(i) ciallaíonn 'meaitseáil' go ndéantar na céimeanna seo a leanas:

(1) go bhfuil cuardach déanta ag úsáideoir deiridh;

(2) go nochtann an cuardach foláireamh arna iontráil in SIS ag Ballstát eile;

(3) go meaitseálann na sonraí a bhaineann leis an bhfoláireamh in SIS na sonraí cuardaigh;

(ia) ciallaíonn 'amas' aon mheaitseáil a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) rinneadh an t-amas a dhearbhuí:

(i) agus is é an t-úsáideoir deiridh a dhearbhaigh é; nó

(ii) is é an t-údarás inniúil a dhearbhaigh é i gcás inár bunaíodh an mheaitseáil lena mbaineann ar chomparáid idir na sonraí bithmhéadracha, i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta;

agus

(b) iarrtar gníomhaíochtaí eile;

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 265/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2010 lena leasaítear an Coinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 maidir le gluaiseacht daoine ag a bhfuil víosa fadfhanachta (IO L 85, 31.3.2010. lch. 1).

- (j) ciallaíonn 'úsáideoirí deiridh' údaráis inniúla a dhéanann cuardach díreach in CS-SIS, in N.SIS nó i gcóip theicniúil díobh.**
- (k) ciallaíonn 'baol don tsláinte phoiblí' an tsláinte phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(21) i Rialachán (AE) 2016/399;**
- (l) ciallaíonn 'teorainneacha seachtracha' teorainneacha seachtracha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2016/399.**

Airteagal 3

Sonraí a iontráil in SIS

1. Iontrálfar in SIS sonraí maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh [...] chun comhlíonadh na hoibleagáide um fhilleadh a fhíorú agus chun tacú le forghníomhú an chinnidh. Iontrálfar foláireamh in SIS gan mhoill nuair a eiseofar an cinneadh um fhilleadh [...].
- 1a Féadfaidh Ballstáit staonadh ó sonraí maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh a iontráil i gcás ina mbaineann an cinneadh sin le náisiúnaigh tríú tír atá á gcoinneáil agus iad ag fanacht le bheith aistrithe. I gcás ina scaoiltear na náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann ón gcoinneáil gan iad a bheith aistrithe, iontrálfar na sonraí maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh in SIS gan mhoill.**
- 1b Féadfaidh Ballstáit staonadh ó sonraí maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh a iontráil in SIS i gcás ina n-eisítear an cinneadh ag teorainn sheachtrach Ballstáit agus ina bhforghníomhaítear é láithreach.**

2. Déanfar an tréimhse don imeacht deonach a cheadaítear [...] **i gcomhréir le hAirteagal 7 de Treoir 2008/115/CE, agus síneadh na tréimhse sin,** a thaifeadadh [...] **gan mhoill** san fholáireamh.
3. [...]

Airteagal 4
*[...] **Catagóirí sonraí***

Ní bheidh sna sonraí arna n-iontráil in SIS i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo ach an méid seo a leanas:

- (a) [...]sloinnte[...];
- (b) [...]céadainmneacha[...];
- (c) ainmneacha[...] tráth breithe;
- (d) ainmneacha agus ailiasanna a úsáideadh roimhe sin;
- (e) aon saintréithe sonracha, oibiachtúla, fisiceacha nach bhféadfá a athrú;
- (f) áit bhreithe;
- (g) dáta breithe;
- (h) [...] **inscne;**
- (i) náisiúntacht / náisiúntachtaí;

(j) cibé acu an bhfuil an méid a leanas fíor i gcás an duine lena mbaineann:

i. an bhfuil arm aige?[...];

ii. an bhfuil sé foréigineach [...];

iii. ar theith sé nó ar éalaigh sé?[...];

iv. an bhfuil an baol ann go gcuirfidh sé a lámh ina bhás féin?;

v. an baol é don tsláinte phoiblí?; nó

vi. [...] an bhfuil baint aige le gníomhaíocht a bhaineann leis an
sceimhlitheoireacht [...];

(k) an chúis leis an bhfoláireamh;

(l) an t-údarás a d'eisigh an foláireamh;

(m) tagairt don chinneadh is cúis leis an bhfoláireamh;

(n) an beart atá le déanamh;

(o) [...]naisc le foláirimh eile in SIS;

(oa) an maidir le náisiúnach tríú tír ar bagairt é don tslándáil phoiblí, don tslándáil
phoiblí nó don tslándáil náisiúnta atá an cinneadh um fhilleadh á eisiúint;

(ob) cineál an chion;

(p) catagóir dhoiciméad(dhoiciméid) aitheantais an duine;

(q) tír eisiúna dhoiciméad(dhoiciméid) aitheantais an duine;

(r) líon na ndoiciméad aitheantais atá ag an duine;

- (s) dáta eisiúna dhoiciméad(**dhoiciméid**) aitheantais an duine;
- (t) grianghraif agus íomhánna d'aghaidh;
- (u) sonraí dachta**scópacha[...]**;
- (v) [...] cóip, **agus í a bheith daite nuair is féidir sin,** den doiciméad (**de na doiciméid**) **aitheantais**;
- (w) **dáta deiridh na** tréimhse ina gceadaítear imeacht deonach, más rud é go ndeonaítear sin;
- (x) [...]
- (y) **cé acu atá nó nach bhfuil toirmeasc ar theacht isteach ag gabháil leis an gcinneadh um fhilleadh arb é an bunús le haghaidh foláireamh maidir le teacht isteach agus fanacht a dhiúltú de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán xxx [Seiceálacha Teorann].**

Déanfar na sonraí go léir a liostaítear a iontráil, i gcás ina bhfuil siad ar fáil. Ní fhéadfar foláireamh a iontráil gan na sonraí dá dtagraítear in (a), (g), (k), (m), (n) agus ([...]**y**) [...]

Airteagal 5

An t-údarás atá freagrach as faisnéis fhorlíontach a mhalartú

Ainmneoidh gach Ballstát údarás a bheidh freagrach as faisnéis fhorlíontach a mhalartú maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir a bhfillte (**Biúró SIRENE**) i gcomhréir le forálacha Lámhleabhar SIRENE a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann].

Amais ar imeacht ag na teorainneacha seachtracha - Deimhniú um fhilleadh

1. [...] **I gcás amas ar fholáireamh maidir le fillleadh a bhaineann le náisiúnach tríú tír a bhfuil críoch na mBallstát á** fágáil aige trí theorainneacha seachtracha Ballstáit, cuirfidh an Ballstát **forghníomhaitheach** [...] an fhaisnéis a leanas in iúl don Bhallstát eisiúna, trí fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú:
 - (a) gur sainaithníodh an náisiúnach tríú tír;
 - (b) áit agus am na seiceála;
 - (c) [...] **gur fhág** an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát;
 - (d) [...]
 - (e) an tríú tír arb í an **chéad** cheann scribe.

I gcás ina bhfágann náisiúnach tríú tír, atá faoi réir foláireamh maidir le fillleadh, **críoch na mBallstát**, thar theorainn sheachtrach an Bhallstáit eisiúna, cuirfear an deimhniú um fhilleadh [...] **chuig** údarás inniúil **an Bhallstáit sin** i gcomhréir leis [...] na **nósanna imeachta** náisiúnta.

2. Scriosfaidh an Ballstát eisiúna an foláireamh [...] **gan mhoill** tar éis an deimhniú um fhilleadh a fháil. **I gcás inarb iomchuí, eiseofar foláireamh maidir le teacht isteach nó fanacht a dhiúltú gan mhoill de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann].**

3. Soláthróidh na Ballstáit ar bhonn [...] **ráithiúil** staitisticí do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála faisnéise sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ ("an Ghníomhaireacht") maidir leis an líon fillteacha deimhnithe. Ní bheidh sonraí pearsanta sna staitisticí sin.

Airteagal 7

Neamhchomhlíonadh cinntí um fhilleadh [...]

1. Tabharfaidh CS-SIS fógra do na Ballstáit **eisiúna** faoi na foláirimh maidir le filleadh sin a bhfuil an tréimhse don imeacht deonach a ghabhann leo imithe in éag.
2. [...] **Gan dochar don nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus 8A, i gcás amas ar fholáireamh maidir le filleadh, rachaidh an Ballstát forghníomhaitheach** [...] i gcomhairle leis an mBallstát eisiúna trí fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú chun cinneadh a dhéanamh[...] i leith na [...] bearta atá le déanamh **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2008/115/CE chun feidhme.**

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IOJ L 286, 1.11.2011, lch.1).

Airteagal 8

[...]

[...] ²⁰

[...] ²¹

[...] ²²

²⁰ Mír aistrithe chuig Airteagal 8B nua.

²¹ Mír aistrithe chuig Airteagal 8C nua.

²² Mír aistrithe chuig Airteagal 8E nua.

[...] ²³

[...] ²⁴

Airteagal 8A

Amais ag na teorainneacha seachtracha ar theacht isteach

I gcás amas ar fholáireamh maidir le filleadh a bhaineann [...] le náisiúnach tríú tír [...] **atá ag teacht isteach ar chríoch na mBallstát** trí na teorainneacha seachtracha, **beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas** [...]:

- (a) **I gcás ina mbeidh toirmeasc ar theacht isteach ag gabháil leis an gcinneadh um fhilleadh**, cuirfidh an Ballstát **forghníomhaitheach** sin in iúl **don Bhallstát eisiúna gan mhoill**, trí fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú. **Scríosfaidh an Ballstát eisiúna an foláireamh maidir le filleadh agus eiseoidh sé foláireamh maidir le teacht isteach agus fanacht a dhiúltú de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán xxx [Seiceálacha Teorann];**
- (b) **I gcás nach mbeidh toirmeasc ar theacht isteach ag gabháil leis an gcinneadh um fhilleadh**, cuirfidh an Ballstát **forghníomhaitheach** sin in iúl don Bhallstát eisiúna, **trí fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú, chun an foláireamh maidir le filleadh a scríosadh.**

Is é an Ballstát forghníomhaitheach a dhéanfaidh an cinneadh, i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen, maidir le teacht isteach an náisiúnaigh tríú tír.

²³ Mír aistrithe chuig Airteagal 8A nua

²⁴ Mír aistrithe chuig Airteagal 8F nua.

Airteagal 8B

An nós imeachta comhairliúcháin nuair a dhéantar cead cónaithe nó víosa fadfhanachta a dheonú nó a shíneadh

1. I gcás ina bhfuil breithniú á dhéanamh ag Ballstát i dtaobh cead cónaithe nó [...] **víosa fadfhanachta** a dheonú nó **a shíneadh** i gcás náisiúnach tríú tír is ábhar d'fholáireamh **maidir le filleadh, lena ngabhann toirmeasc ar theacht isteach**, arna iontráil ag Ballstát eile [...], rachaidh na Ballstáit a bheidh i gceist [...] **i gcomhairle le chéile, trí fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú**, de réir na rialacha seo a leanas:
 - (a) **rachaidh an Ballstát deonaithe i gcomhairle leis an mBallstát eisiúna sula ndéantar an cead cónaithe nó an víosa fadfhanachta a dheonú nó a shíneadh;**
 - (b) **tabharfaidh an Ballstát eisiúna freagra ar an iarraidh ar chomhairliúchán tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag dá éis;**
 - (c) **mura bhfaighfear freagra faoin spriocdháta dá dtagraítear i bpointe (b), ciallóidh sé sin nach gcuireann an Ballstát eisiúna in aghaidh dheonú nó síneadh an cheada cónaithe nó na víosa fadfhanachta;**
 - (d) **agus an cinneadh ábhartha á dhéanamh aige, cuirfidh an Ballstát deonaithe san áireamh na cúiseanna atá leis an gcinneadh a rinne an Ballstát eisiúna, agus déanfaidh sé a mheas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar aon bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil phoiblí a d'eascródh as an náisiúnach tríú tír sin a bheith ar chríoch na mBallstát;**
 - (e) **cuirfidh an Ballstát deonaithe an Ballstát eisiúna ar an eolas faoina chinneadh; agus**
 - (f) **i gcás ina dtabharfaidh an Ballstát deonaithe fógra don Bhallstát eisiúna go bhfuil cinnte aige an cead cónaithe nó an víosa fadfhanachta a dheonú nó a shíneadh, déanfaidh an Ballstát eisiúna an foláireamh maidir le filleadh a scríosadh.**

2. I gcás ina bhfuil breithniú á dhéanamh ag Ballstát i dtaobh cead cónaithe nó víosa fadfhanachta a dheonú nó a shíneadh i gcás náisiúnach tríú tír is ábhar d'fholáireamh maidir le filleadh, arna iontráil ag Ballstát eile agus nach bhfuil toirmeasc ar theacht isteach ag gabháil leis, tabharfaidh an Ballstát deonaithe fógra don Bhallstát eisiúna go bhfuil sé i gceist aige cead cónaithe nó víosa fadfhanachta a dheonú nó go bhfuil sé deonaithe aige. Scríosfaidh an Ballstát eisiúna an foláireamh maidir le filleadh gan mhoill.

Airteagal 8C

Nós imeachta comhairliúcháin agus cinneadh um fhilleadh á eisiúint maidir le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil cead bailí cónaithe nó víosa bhailí fadfhanachta

I gcás inar **eisigh** Ballstát **cinneadh um fhilleadh agus ina bhfuil** sé ag smaoineamh ar fholáireamh maidir le filleadh a iontráil do náisiúnach tríú tír a bhfuil cead cónaithe bailí nó [...] **víosa bhailí fadfhanachta** aige, arna **ndeonú** ag Ballstát eile, [...]déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann **faisnéis fhorlíontach a mhalartú** i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

- (a) cuirfidh an Ballstát a rinne an cinneadh um fhilleadh an Ballstát deonaithe ar an eolas faoin gcinneadh;**
- (b) beidh dóthain faisnéise faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh sa mhalartú faisnéise dá dtagraítear i bpointe a);**
- (c) déanfaidh an Ballstát deonaithe a mheas, ar bhonn na faisnéise a chuirfidh an Ballstát a rinne an cinneadh um fhilleadh, cé acu atá nó nach bhfuil cúiseanna ann chun an cead cónaithe nó an víosa fadfhanachta a tharraingt siar;**

- (d) agus an cinneadh ábhartha á dhéanamh, cuirfidh an Ballstát deonaithe san áireamh na cúiseanna atá le cinneadh an Bhallstáit a rinne an cinneadh um fhilleadh agus déanfaidh sé a mheas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar aon bhagairt don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí a d'eascródh as an náisiúnach tríú tír sin a bheith ar chríoch na mBallstát; agus
- (e) tabharfaidh an Ballstát deonaithe fógra don Bhallstát a rinne an cinneadh um fhilleadh laistigh de cheithre lá dhéag ó fuarthas an iarraidh ar fhaisnéis i leith an chinnidh; féadfar an spriocdháta a shíneadh ach iarraidh réasúnaithe a fháil ón mBallstát deonaithe.

Airteagal 8D

Comhairliúchan a posteriori tar éis foláireamh maidir le filleadh a iontráil

I gcás ina dtagann sé chun cinn gur eisíodh foláireamh maidir le filleadh do náisiúnach tríú tír a bhfuil cead cónaithe bailí nó víosa bhailí fadfhanachta aige, arna ndeonú ag Ballstát eile, féadfaidh an Ballstát eisiúna cinneadh a dhéanamh an cinneadh um fhilleadh a tharraingt siar. I gcás tarraingt siar den chineál sin, scriosfaidh sé an foláireamh maidir le filleadh láithreach. I gcás ina gcinneann an Ballstát eisiúna, áfach, an cinneadh um fhilleadh a choimeád, déanfaidh na Ballstáit a bheidh i gceist faisnéis fhorlíontach a mhalartú i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

- (a) cuirfidh an Ballstát eisiúna an Ballstát deonaithe ar an eolas faoin gcinneadh um fhilleadh;
- (b) beidh dóthain faisnéise faoi na cúiseanna atá leis an bhfoláireamh maidir le filleadh sa mhalartú faisnéise dá dtagraítear i bpointe a);
- (c) déanfaidh an Ballstát deonaithe a mheas, ar bhonn na faisnéise a chuirfidh an Ballstát eisiúna ar fáil, cé acu atá nó nach bhfuil cúiseanna ann chun an cead cónaithe nó an víosa fadfhanachta a tharraingt siar;

- (d) agus an cinneadh ábhartha á dhéanamh aige, cuirfidh an Ballstát deonaithe san áireamh na cúiseanna atá leis an gcinneadh a rinne an Ballstát eisiúna, agus déanfaidh sé a mheas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar aon bhagairt ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil phoiblí a d'eascródh as an náisiúnach tríú tír sin a bheith ar chríoch na mBallstát; agus
- (e) cuirfidh an Ballstát deonaithe a chinneadh in iúl don Bhallstát eisiúna tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag ó fuarthas an iarraidh ar fhaisnéis; féadfar an spriocdháta a shíneadh ach iarraidh réasúnaithe a fháil ón mBallstát deonaithe.

Airteagal 8E

An nós imeachta comhairliúcháin i gcás amas i dtaca le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil cead bailí cónaithe nó víosa bhailí fadfhanachta

1. I gcás ina gcastar amas ar Bhallstát faoi fholáireamh maidir le filleadh arna iontráil ag Ballstát eile i dtaca le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil cead bailí cónaithe nó víosa bhailí fadfhanachta arna ndeonú ag Ballstát eile, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann faisnéis fhorlíontach a mhalartú i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:
 - (a) cuirfidh an Ballstát forghníomhaitheach an Ballstát eisiúna ar an eolas faoin gcás agus cuirfidh an Ballstát eisiúna tús leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 8D;
 - (b) tabharfaidh an Ballstát eisiúna fógra don Bhallstát forghníomhaitheach faoi thoradh deiridh an mhalartaithe sonraí.
2. I gcás ina gcastar amas ar Bhallstát faoi fholáireamh maidir le filleadh, ag an teorainn sheachtrach, is é an Ballstát forghníomhaitheach a dhéanfaidh an cinneadh, i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen, maidir le teacht isteach an náisiúnaigh tríú tír.

Airteagal 8F

Staidreamh ar an nós imeachta comhairliúcháin

Cuirfidh na Ballstáit staidreamh ar fáil don Ghníomhaireacht go bliantúil faoi na comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir le **hAirteagal 8B(1), le hAirteagal 8C agus le hAirteagal 8D agus faoi gach uair nár cloíodh le spriocdháta an chomhairliúcháin.**

Airteagal 9

Foláirimh a scríosadh

1. Gan dochar d'Airteagal 6 ná d'Airteagal 8, scríosfar foláirimh maidir le filleadh nuair a tharraingeoidh an t-údarás inniúil siar an cinneadh ar a raibh an foláireamh bunaithe nó nuair a dhéanfaidh sé é a neamhní. Scríosfar na foláirimh maidir le filleadh freisin nuair is féidir leis an náisiúnach tríú tír lena mbaineann a thaispeáint go bhfuil críoch na mBallstát fágtha aige i gcomhréir le cinneadh um fhilleadh arna eisiúint i gcomhréir le forálacha i ndáil le Treoir 2008/115/CE.
2. Scríosfar foláirimh maidir le filleadh a iontráladh i ndáil le duine a bhfuil saoránacht Ballstáit nó Stáit ar bith a bhfuil cead saorghluaiseachta **faoi** [...] **dhlí** [...] an Aontais ag a náisiúnaigh aige chomh luath agus a bhíonn an Ballstát eisiúna ar an eolas, nó a chuirfear ar an eolas é de bhun Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann] go bhfuil an saoránacht sin faighte ag an duine lena mbaineann.

Airteagal 10

Sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha chun críche filleadh

Ní fhéadfar sonraí arna bpróiseáil in SIS agus an fhaisnéis fhorlíontach ghaolmhar de bhun an Rialacháin seo a aistriú nó a chur ar fáil do thríú tír i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 le húdarú an Bhallstáit eisiúna, ach amháin chun críche doiciméad aitheantais nó doiciméad taistil a shainaithint nó a eisiúint don náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, i dtaca le filleadh an náisiúnaigh sin.

Airteagal 11

Staitisticí

Gan dochar do na forálacha maidir le staitisticí atá in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann], cuirfidh an Ghníomhaireacht staitisticí laethúla, míosúla agus bliantúla ar fáil, idir staitisticí foriomlána agus staitisticí in aghaidh an Bhallstáit maidir leis an líon foláireamh maidir le filleadh arna iontráil in SIS, [...] maidir leis na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo agus maidir leis an líon foláireamh maidir le filleadh a scriosadh [...]. [...] ²⁵ Ní bheidh sonraí pearsanta sna staitisticí sin.

Airteagal 12

Ceart rochtana ar shonraí in SIS

1. Ba cheart rochtain ar shonraí arna n-iontráil in SIS agus an ceart sonraí den sórt sin a chuardach a fhorchoimeád do na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear [...] in Airteagal 29(1) agus in Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann] [...].
2. Faoi shainordú Europol a bheidh sé an ceart sonraí arna n-iontráil in SIS a rochtain agus a chuardach chun críche gníomhaíocht údaráis inniúla na mBallstát a neartú agus chun tacú léi agus lena gcomhar frithpháirteach maidir le smuigleáil imirceach agus éascú imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann] agus **in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/xxx [comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla].**

²⁵ Scriosta chun go mbeifear i gcomhréir le hAirteagal 6(3).

3. Beidh an ceart sonraí arna n-iontráil in SIS a rochtain agus a chuardach ina chuid de shainordú bhaill foirne Eorpacha an Gharda Teorann agus Cósta nó fhoirne na mball foirne a bhfuil baint acu le tascanna a bhaineann le fillleadh, chomh maith le baill de na foirne tacaíochta don bhainistiú imirce, chun críche seiceálacha teorann, faireachas teorann agus oibríochtaí um fhilleadh a dhéanamh tríd an gcomhéadan teicniúil arna bhunú agus arna chothú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta dá dtagraítear sna coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 31 agus Airteagal 32(2) de Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann] **agus in Airteagal 48a agus in Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2018/xxx [comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla]** agus i gcomhréir leis na coinníollacha sin.

Airteagal 13

Infheidhmeacht fhorálacha Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann]

Sa mhéid agus nach suitear leis an Rialachán seo iad, beidh feidhm ag na forálacha maidir le freagrachtaí na mBallstát agus na Gníomhaireachta, le hiontráil agus próiseáil foláireamh, na coinníollacha maidir le foláirimh a rochtain agus iad a choimeád, próiseáil sonraí, cosaint sonraí, dliteanas agus faireachán a dhéanamh agus staitisticí a leagtar síos le hAirteagail 6 go 19, Airteagal 20(3) agus (4) agus in Airteagail 21, 22, 28, 29(4) agus 33 go 54 de Rialachán (AE) 2018/xxx [Seiceálacha teorann], beidh feidhm acu maidir le sonraí arna n-iontráil agus arna bpróiseáil in SIS i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón dáta arna socrú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2018/xxx [seiceálacha teorann].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán